# Plean Straitéiseach 2020 - 2023



Ceannaireacht agus Treoir
don Ardoideachas i Réigiún
Tuaisceart Laighin – Deisceart Ulaidh

DUNDALK
INSTITUTE OF TECHNOLOGY
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA
DHÚN DEALGAN





# Clár na nÁbhar


## Cuid 1

**Brollach an Uachtaráin** 04

**Ráiteas an Chathaoirligh** 07

**Réamhrá** 08

**Réigiún Nasctha** 10

**Próifíl ár nInstitiúide** 12

**Ag Féachaint ar Aghadih** 14

**Fís, Misean agus Luachanna** 16

## Cuid 2

**Tosaíochtaí Straitéiseacha**

**Tosaíocht Straitéiseach 1:** Athrú an Dreacha ó thaobh Ainmnithe, Cumasc agus Comhaontas de 25

**Tosaíocht Straitéiseach 2:** Teagasc agus Foghlaim den Chéad Scoth agus Caighdeán Eispéiris na bhFoghlaimeoirí 31

**Tosaíocht Straitéiseach 3:** Taighde agus Nuálaíocht Ardchaighdeáin, atá Iomaíoch go hIdirnáisiúnta 39

**Tosaíocht Straitéiseach 4:** Rannpháirtíocht Bhreisithe Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 45

**Tosaíocht Straitéiseach 5:** Forbairt na hEagraíochta agus Barr Feabhais Corparáideach 53

## Cuid 3

**Dul Chun Cinn a Chur i bhFeidhm agus a Thuairisciú** 56

**Tagairtí** 58

**Gluais** 59

**Aguisín 1: An Próiseas Pleanála Straitéisí** 60

**Aguisín 2: Freagracht Fheidhmiúcháin** 64

# Brollach an Uachtaráin

I mbliana, déanaimid comóradh 50 bliain ar bhunú Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (ITDD | DkIT). Ag smaoineamh ar an méid atá bainte amach againn sa chaoga bliain sin, braitheann an Institiúid an-bhródúil as a bhfuil bainte amach aici agus é doshéanta an méid atá tugtha aici don réigiún faoina cúram – dá foghlaimeoirí, teaghlaigh, scoileanna agus ollscoileanna, d'fhostóirí, d'fhiontair agus don phobal i gcoitinne.

Tá an Institiúid ar thús cadhnaíochta i soláthar an ardoideachais ó thaobh an teagaisc agus na foghlama, an taighde agus na nuálaíochta, agus ó thaobh na páirtíochta de, le hos cionn míle ceithre céad mac léinn ag teacht aisti gach bliain mar chéimithe sa Ghnó agus sna Daonnachtaí, san Innealtóireacht, sa tSláinte agus san Eolaíocht, sa bhFaisnéisíocht agus sna hEalaíona Cruthaitheacha. An ní is suntasaí atá bainte amach againn, agus as a bhfuilimid bródúil ach go háirithe, ná an tionchar atá ag ITDD | DkIT ar na teaghlaigh sin arbh iad a mic agus a n-iníonacha na céad daoine sa teaghlaigh acu le freastal ar institiúid ardoideachais. Tá sé seo tar éis deiseanna nua a chur ar fáil do na teaghlaigh sin agus dár gcomhphobail agus tuigtear ón rath a bhíonn ar na daoine sin go bhfuil campas ITDD | DkIT oscailte agus fáilteach.

Déanann an Institiúid freastal ar réigiún Tuaisceart Laighin – Deisceart Ulaidh. Tá 3.3 milliún duine den daonra nach dtógfadh sé ach, ar a mhéid, nócha nóiméad orthu tiomáint chuig an gcampas. Is sa réigiún seo a bhfuil an Olltáirgeacht Intíre is mó sa tír agus is suíomh tosaíochta é d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus d'fhiontair dhúchasacha. Mar gurb í an Institiúid Ardoideachais is suntasaí í suite leath slí idir dhá chathair mhóra lena ceantair mháguarda lonnaithe i ndhá dhlínse ar leith, beidh tionchar mór ag an gcinneadh Brexit uirthi agus eascróidh dúshláin agus deiseanna as an gcinneadh céanna. Tá an Institiúid tiomanta do chomhpháirtíocht leanúnach le comhghleacaithe agus comhpháirtithe ó Thuaidh agus ó Theas chun a bhfuil i ndán don réigiún Trasteorann, domhan-nasctha seo a dhaingniú.

Ó bunaíodh an Institiúid, cuireadh meon comhpháirtíochta ag croílár an uile ní atá forbartha agus soláthartha againn le 50 bliain anuas. Bhíomar páirteach i gcomhaontais fhada agus thairbheacha le linn an ama seo go léir agus tá súil againn na comhaontais chéanna a threisiú amach anseo lenár gComhghleacaithe Trasteorann, le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, le hEarnáil an Bhreisoideachais agus lenár gcomhghleacaithe in ollscoileanna thar lear.

Cad atá i ndán dúinn, mar sin? Chun an caighdeán is airde a bhaint amach go leanúnach, ní mór dúinn dul in oiriúint i gcónaí don dreach síor-athraitheach ina bhfuilimid agus ár n-áit féin ann a thuiscint. Tá ITDD | DkIT ag amharc ar an todhchaí, ar an gcineál comhaontais agus comhpháirtíochta a bhí beartaithe sa teideal 'Ollscoil Teicneolaíochta'. Tá sé i gceist againn stádas OT a bhaint amach a léiríonn ceannaireacht doshéanta san ardoideachas agus i soláthar printíseachtaí ceardaíochta, ag lár na conaire eacnamaí idir Béal Feirste-BÁC, agus a threisíonn ár gComhaontais Straitéiseacha Trasteorann. Déanann an Plean Straitéiseach 2020-2023 treo nua a bheartú do ITDD | DkIT chun forbairt oideachais, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a stiúradh sa réigiún domhan-nasctha seo.

Tá an pobal ar a dhéanann an Institiúid freastal lárnach sa straitéis seo – a pobal inmheánach d'fhoghlaimeoirí agus de lucht na foirne, agus an pobal seachtrach de pháirtithe leasmhara lena n-áirítear fostóirí, lucht gnó, eagraíochtaí comhphobail agus eile. Tá ITDD | DkIT dírithe, ach go háirithe, ar riachtanais gach foghlaimeora agus grúpa foghlaimeoirí a chomhlíonadh ar bhealach freagrúil agus solúbtha agus ar riachtanais a páirtithe leasmhara a chomhlíonadh chomh maith.

Mar sin, le caoga bliain d'éachtaí á gcomóradh againn, cuirimid romhainn ár bhfís a chur chun cinn go diongbháilte:

Beidh ITDD | DkIT ar thús cadhnaíochta ó thaobh soláthar ardoideachais agus printíseachtaí ceardaíochta de agus beidh sí ina huirlis fhorbartha agus chomhtháthaithe sóisialta do réigiún domhan-nasctha Thuaisceart Laighin – Deisceart Ulaidh trí stádas Ollscoile Teicneolaíochta agus Comhaontais Trasteorann a bhaint amach.

***Michael Mulvey Ph.D.***
***Uachtarán***

*“Beidh ITDD ar thús cadhnaíochta ó thaobh soláthar ardoideachais agus printíseachtaí ceardaíochta de agus beidh sí ina huirlis fhorbartha agus chomhtháthaithe sóisialta do réigiún domhan-nasctha Thuaisceart Laighin – Deisceart Ulaidh trí stádas Ollscoile Teicneolaíochta agus Comhaontais Trasteorann a bhaint amach.”*

**Michael Mulvey Ph.D.**
**Uachtarán**





*“Ag comóradh 50 bliain, is féidir linn a bheith sceitimíneach faoina bhfuil i ndán don Institiúid amach anseo agus, le tacaíocht agus dúthracht ár bpáirtithe leasmhara go léir, is cinnte nár bhaol dár straitéis thar na ceithre bliana seo romhainn.”*

**Paddy Malone**
**Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe**

# Ráiteas an Chathaoirligh

Thar ceann Bhord Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, táim fíor-shásta Plean Straitéiseach ITDD 2020-2023 a chur i láthair daoibh.

Tá ITDD tiomanta d'ardchaighdeáin a sholáthar san uile ní a dhéanann sí. Leagann an Plean Straitéiseach 2020-2023 misean agus fís amach do ITDD chun í féin a bhunú mar Ollscoil Teicneolaíochta i ndreach Ardoideachais na hÉireann, leath slí ar Chonair Eacnamaíoch Bhéal Feirste – BÁC. Cinnteoidh sé seo go mbeidh teacht ag teaghlaigh, fostóirí, lucht gnó agus ag comhphobail ar oideachas ollscoile laistigh dá réigiún féin. Dá bharr, cosnófar agus cothófar ár gcomhphobail anois agus amach anseo mar go roghnóidh mic léinn staidéar a dhéanamh, agus fanúint, sa réigiún. Treisíonn na cuspóirí agus na spriocanna straitéiseacha atá leagtha amach sa phlean seo tiomantas na hInstitiúide don réigiún atá faoina sainchúram, agus cuirfidh siad go mór leis an gclár oibre náisiúnta i leith an ardoideachais.

Tá tuiscint fíor-mhaith ag ITDD ar an timpeallacht ina bhfuil sí ag oibriú agus tá sé de ghrinn-chumas aici dul in oiriúint do, agus freastal ar riachtanais shíor-athraitheacha agus shíor-dhúshlánacha mar ionad atá ag barr feabhas i gcúrsaí teagaisc agus foghlama, taighde agus nuálaíochta agus páirtíochta. Is de bharr saineolas agus dúthracht na foirne go mbíonn an rath seo uirthi, agus cinnteoidh na tréithe sin go mbeidh rath orainn i dtabhairt chun cinn ár bhfíse.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord Rialaithe, leis an Uachtarán agus leis an bhFoireann Cheannaireachta, le foireann na hInstitiúide agus leis na mic léinn, le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara, le fostóirí agus leis an bpobal i gcoitinne as a bhfuil déanta acu don Institiúid. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an gCoiste Stiúrtha Uaillmhéine as a gcuid oibre déine, a gcuid dúthrachta agus as a n-ionchur luachmhar i gCreat Pleanála na hInstitiúide leis na blianta beaga anuas.

Leis an gcomóradh 50 bliain seo romhainn, tá todhchaí iontach i ndán don Institiúid agus, le tacaíocht agus tiomantas ár bpáirtithe leasmhara ar fad, is cinnte go gcuirfear an chéad straitéis ceithre bliana eile againn i bhfeidhm. Braithim go láidir go mbeidh ról suntasach ag ITDD i saol oideachais, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an réigiúin amach anseo, mar a bhí roimhe.

***Paddy Malone***
***Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe***

# Réamhrá

Tá an clú atá bainte amach ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (ITDD | DkIT) mar phríomh-sholáthraí ardoideachais réigiún Thuaisceart Laighin-Deisceart Ulaidh tuillte go maith aici, le foghlaimeoirí dúchasacha agus idirnáisiúnta tarraingthe isteach aici. Cuireann an Plean Straitéiseach 2020 – 2022 lenar baineadh amach i bpleananna a tháinig roimhe agus leagann sé amach Misean agus Fís na hInstitiúide don chéad ceithre bliana eile romhainn.





Forbraíodh an plean nua seo i rith tréimhse inar tharla claochluithe móra in earnáil an Ardoideachais agus ag am éiginnteachta suntasaí de bharr chinneadh an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil (Brexit). Mar Ionad Ardoideachais (IAO) lonnaithe ar an aon teorainn talún atá ag an RA leis an AE, beidh baint mór aige seo orainn.

Leagann an Plean treo straitéiseach na hInstitiúide amach go 2022, tiomantas do chur le réigiún Thuaisceart Laighin-Deisceart Ulaidh trí stádas Ollscoile Teicneolaíochta a bhaint amach, i gcomhar le páirtithe leasmhara, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhaontais phríomha agus straitéiseacha le hearnáil an Bhreisoideachais (BO | FE).

## Leagann an Plean Straitéiseach seo roimhe aghaidh a thabhairt ar dhá mhórcheist:

1. Cad é atá de dhíth ar an réigiún seo – ó na foghlaimeoirí, ó theaghlaigh, ó fhiontair agus ón bpobal i gcoitinne?

2. Conas is féidir le ITDD sin a chur ar fáil ar bhealach cuí agus inbhuanaithe?

# Réigiún Thuaisceart Laighin - Deisceart Ulaidh — Réigiún Nasctha



ITDD, ag freastal ar Réigiún Thuaisceart Laighin - Deisceart Ulaidh, suite go straitéiseach leath bealaigh feadh Chonair Bhaile Átha Cliath - Bhéal Feirste ar an teorainn le Tuaisceart Éireann, suíomh a bhronnann tréithe uathúla ar an Institiúid. Is buntáiste mór don Institiúid é go bhfuil de chumas aici dul i dteagmháil le líon mór daoine ó lárionaid uirbeacha éagsúla ar chonair BÁC-Béal Feirste. Tá 3.3 milliún duine ina gcónaí taobh istigh de thuras gluaisteáin 90 nóiméad ón Institiúid (Próifíl Shochdhéamagrafach – Bunchloch Fáis do ITDD 2019). Cuireann sé seo dúshláin agus deiseanna os ár gcomhair, mar a léirítear sa Chreat Pleanála Náisiúnta (Éire 2040 Ár bPlean) agus mar a léiríonn an Straitéis Forbartha Réigiúnach 2035 do Thuaisceart na hÉireann.

Leagann an Creat Pleanála Náisiúnta: Éire 2040 Ár bPlean béim ar na deiseanna líonraithe trasteorann idir Droichead Átha – Dún Dealgan – An tIúr mar cheantair leath bealaigh ar Chonair BÁC – Béal Feirste. Tá comhchoibhneas idir Straitéis Forbartha Réigiúnach (RDS) Thuaisceart na hÉireann 2035 agus an Creat Pleanála Náisiúnta sa mhéid is go luann an dá dhoiciméad an deis braislithe atá ann don Iúir agus do Dhún Dealgan agus an traidisiún comhoibrithe eatarthu mar dhá ionad uirbeacha, le Dún Dealgan ina tairseach straitéiseach.

Cuireann Tuairisc Chonair an M1 taca faoin obair leanúnach atá ar siúl Geilleagar Uile-Oileáin a fhorbairt. Tá an-chuid comhoibrithe ann ó thaobh Geilleagar Uile-Oileáin de cheana féin – bonneagar, sláinte, fuinneamh srl. – chun barr leasa a bhaint amach don dá réigiún. Tá moill ar an Ardoideachas sa tslí seo ach, le déanaí, rinneadh socruithe chun tuilleadh comhoibrithe a mhúscailt i measc ollscoileanna – ó Thuaidh is ó Theas – le tiomantais uathu don chomhoibriú, ar bhealach uile-oileáin, thar raon leathan tionscnamh taighde agus oideachais.

Cuireadh moltaí isteach Comhpháirtíocht Oiliúna Dochtúireachta a chruthú a leagann béim ar nuálaíocht – Innovation Lab Ireland – chun ollscoileanna, lucht fiontair, an pobal agus lucht déanta polasaithe a thabhairt le chéile chun tacú le hoiliúint agus cleachtas nuálaíochta d’iarchéimithe. Leagfaidh earnáil an ardoideachais, i gcomhar le hionadaithe ó na heagraíochtaí fiontraíochta Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíocht Éireann, béim ar fhorbairt na Conaire Béal Feirste go Baile Átha Cliath, chomh maith. Tá ról mór ag ITDD i bhforbairt agus inbhuanaitheacht an réigiúin seo, thar Chonair BÁC-Béal Feirste, agus ní mór fíorthábhacht an ról sin a aithint.



# Córas BO (FE) agus AO (HE) Thuaisceart Laighin-Deisceart Ulaidh



# Próifíl ár nInstitiúide

Rinneadh anailís mhionsonraithe ar bhun-fheidhmíocht na hInstitiúide chun suíomh aonair agus comparáideach na hInstitúide san earnáil a dheimhniú. Léiríodh seo i dTuarscáil Bhliantúil an tÚAO | HEA um an Sorcú Feidhmíochta Misean-bhunaithe. Thug an dá thuarascáil seo léargais maidir le réimsí ina bhfuil an Institiúid láidir, agus shoiléirigh siad deiseanna feabhais chomh maith.


Don chéad ceithre bliana eile, beidh an Institiúid dírithe ar a bunachar mac léinn a threisiú trí:

1. Soláthar páirtaimseartha agus solúbtha a mhéadú chun meáin earnála d'Institiúidí Teicneolaíochta (IT) a bhaint amach, gabháil tharstu agus spriocanna Ollscoile Teicneolaíochta a bhaint amach;
2. Líon na ndaoine ó Thuaisceart na hÉireann ar an rolla a mhéadú;
3. Scála Scoil na hInnealtóireachta a mhéadú;
4. Soláthar teagaisc ó iarchéimithe a mhéadú;
5. Líon na mac léinn idirnáisiúnta ar an rolla a mhéadú.

Tá barr feabhais bainte amach ag an Institiúid i dteagmháil idirnáisiúnta agus, i rith tréimhse an phlean seo, leanfaidh an Institiúid uirthi ag díriú ar straitéis sheasmhach agus chomhtháite a chur i bhfeidhm chun tacú le teagmháil le fostóirí. Tugadh isteach Clár Comhpháirtíochta Corparáideach a chuireann creat straitéiseach agus dírithe ar fáil a ghlacfaidh le cur chuige trasdisciplíneach agus tras-fheidhmeach i ndáil le teagmháil le fostóirí chun gur féidir leis an dá pháirtí barr a leasa a bhaint amach i dtéarmaí teagaisc agus foghlama, taighde agus nuálaíochta, teagmhála le foghlaimeoirí agus timpeallachta foghlama leasaithe.

Sa réimse taighde agus nuálaíochta, tá an Institiúid fós ar cheann de na hInstitiúidí Teicneolaíochta is fearr san earnáil ó thaobh feidhmíochta de. Amach anseo, díreoidh an Institiúid ar a cuid gníomhaíochtaí taighde a chomhdhlúthú. Is éard atá i gceist leis sin ná go dtógfar lárionad do líon ionad taighde ardfheidhmíochta.

Is sa chomhthéacs seo, agus ITDD ag breathnú ar fheidhmíocht reatha na hinstitiúide agus a próifíl réigiúnach, go bhfuil a misean straitéiseach agus a fís uile-eagraíochta bunaithe aici ar Phlean Straitéiseach 2020 – 2022 atá seasmhach agus comhtháite.



# ITDD Miondealaithe

**1,220**
Socruithe Oibre
gach bliain

Campas
Cuimsitheach
**90 Acra**

An Institiúid is
fearr ó thaobh
feidhmíochta de
sa Taighde agus
Nuálaíocht

**94%**
Ráta Fostaíochta
na gCéimithe

**485** Mac léinn
idirnáisiúnta
ó bhreis is
35 tír

Printíseachtaí
Ceardaíochta
**Leibhéal 7**
go
**Leibhéal 10**

**620**
Ball Foirne

**5,440**
Mac Léinn
**90%**
díobh arbh as
ár réigiún dóibh

# Ag Féachaint ar Aghaidh

Is soláthraí oideachais den chéad scoth í ITDD a dhéanann freastal ar riachtanais a páirtithe leasmhara réigiúnacha ar fad – foghlaimeoirí, lucht na foirne, fostóirí, lucht fiontar agus an pobal – ó thaobh oideachais, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha de. Nuair atá an Institiúid ag socrú a spriocanna straitéiseacha, déantar machnamh criticiúil ar leith ar dhreach mear-athraitheach an ardoideachais go náisiúnta, le cruthú Ollscoileanna Teicneolaíochta, ar na treochtaí idirnáisiúnta agus ar na dúshláin eacnamaíocha, shóisialta, chultúrtha agus pholaitiúla a eascróidh as Brexit, mar atá luaite thuas.

Déanann an Institiúid ardoideachas a sholáthar thar réimse leathan, ó Leibhéal 7 go Leibhéal 10 go príomha, i nGnó agus Daonnachtaí, in Innealtóireacht, i bhFaisnéisíocht agus Ealaíona Cruthaitheacha, i Sláinte agus Eolaíocht agus i bPrintíseachtaí Ceardaíochta. Déanaimid machnamh chomh maith ar na dúshláin atá ann réimsí aitheanta cuí a fhorbairt a thugann le chéile láidreachtaí na heagraíochta ar bhealach seasmhach agus spéisiúil chun freastal ar riachtanais an réigiúin. I measc na réimsí sin tá:

- → Soláthar talmhaíochta, mar chroí-shaineolas, a chuirfeadh ar ár gcumas athrú aeráide, feirmeoireacht inbhuanaithe agus táirgeadh bia a fhorbairt agus a shníomh leis;
- → D'fhéadfaimis ár saineolas i bprintíseachtaí ceardaíochta a úsáid mar bhunchloch chun béim athnuaite a chur ar sholáthar Innealtóireachta agus Fuinnimh Inbhuanaithe;
- → Soláthar Airgeadais agus Cuntasaíochta a bheidh mar bhonn ag forbairt Chonair Íocaíochta an M1;
- → Ceanglóidh taighde, nuálaíocht agus teagmháil le lucht fiontair (atá sa réimse Sláinte agus Folláine Nasctha) de theagasc agus foghlaim, i réimsí amhail faisnéisíocht agus sláinte.

Mar sin, léiríonn an fócas straitéiseach:

- → Béim ar leibhéal, próifíl, agus riachtanais ár bhfoghlaimeoirí chun eispéireas iontach a chinntiú d'fhoghlaimeoirí;
- → Leas níos mó as modhanna solúbtha soláthair;
- → Leas a bhaint as acmhainní inmheánacha agus cumas na hInstitiúide agus iad a ath-dhíriú chun lánéifeachtacht a bhaint amach sna slite seo a leanas:
  - Béim ar acmhainní a mhéadú i gcás réimsí nua agus leasaithe i soláthar acadúlachta le go gcuirfí foghlaim solúbtha agus uas-sciliú don fórsa oibre san áireamh
  - Tacaíochtaí agus seirbhísí foghlama a leasú
  - Leibhéil chúnaimh do na nithe a thacaíonn le feidhmíocht na heagraíochta a mhéadú, amhail chórais FE (IT) agus infreastruchtúr an champais;
- → Soláthar a scaipeadh go ceantair eile, mar shampla: Droichead Átha, an Cabhán, Muineachán agus Ard Mhacha;
- → Leas a bhaint as acmhainní oideachais an réigiúin agus soláthar a shocrú i gcomhthéacs na gcóras Breisoideachais agus Ardoideachais;
- → Ardoideachas, taighde agus nuálaíocht a dhomhandú agus an tionchar a bheidh ag dúshláin mhóra mar athrú aeráide, forbairt uirbeach agus tuaithe agus teicneolaíochtaí bunathraitheacha;
- → Cistiú don Chomhshaol.

Déanfaidh ITDD gach iarracht rochtain inacmhainne ar ardoideachas a chur ar fáil go leanúnach, i raon bealaí éagsúla a mheallfadh saghsanna foghlaimeoirí éagsúla, agus a bhfuil mar aidhm aige líon níos mó mac léinn ó phobail an réigiúin a choinneáil. Tríd an tiomantas uainn do stádas Ollscoile Teicneolaíochta a bhaint amach, Comhaontais Straitéiseacha Trasteorann a leathnú agus nascadh gan stró le hEarnáil an Bhreisoideachais, cosnóidh ITDD a suíomh lárnach i soláthar ardoideachais. Stiúrfaidh an suíomh lárnach seo, leis an Institiúid mar lárphointe i réigiún foghlama, struchtúr na gcomhaontas agus na gcaidreamh is fearr chun gur féidir le ITDD a ról sa chóras oideachais líonraithe seo a chomhlíonadh sa tslí is éifeachtaí.

Ar an mbealach seo, leanfaidh ITDD ar aghaidh mar rannpháirtí claochlaithe i réigiún Thuaisceart Laighin – Deisceart Ulaidh tríd a próifíl agus a suíomh ó thaobh foghlama agus teagaisc, taighde, nuálaíochta, forbartha fiontraíochta agus idirnáisiúnaithe de a chothabháil agus a leasú.

*Tríd an tiomantas uainn do stádas Ollscoile Teicneolaíochta a bhaint amach, Comhaontais Straitéiseacha Trasteorann a leathnú agus nascadh gan stró le hEarnáil an Bhreisoideachais cosnóidh ITDD a suíomh lárnach i soláthar ardoideachais.*



# Fís, Misean & Luachanna





## Misean

Cuireann ITDD ardoideachas agus printíseachtaí ceardaíochta ar fáil atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus ar an gcéimí, agus stiúrann agus spreagann sí forbairt dhomhan-nasctha oideachais, eacnamaíoch agus shóisialta i dTuaisceart Laighin – Deisceart Ulaidh.

## Fís

Beidh ITDD ar thús cadhnaíochta ó thaobh soláthar ardoideachais agus printíseachtaí ceardaíochta de agus beidh sí ina huirlis fhorbartha agus chomhtháthaithe sóisialta do réigiún domhan-nasctha Thuaisceart Laighin – Deisceart Ulaidh trí stádas Ollscoile Teicneolaíochta agus Comhaontais Trasteorann a bhaint amach.

## Bunluachanna

Leagann ár mbunluachanna éiteas na hInstitiúide amach, rud a stiúrann agus a chuireann taca faoinár straitéis.

**Dírithe ar Fhoghlaimeoirí:** Creideann ITDD go láidir i gcumasú an fhoghlaimeora aonair agus i ngach deis a thabhairt dóibh foghlaim, rath a fhíorú agus lán a gcumais a bhaint amach ó thaobh pearsanta, acadúil agus gairmiúil de, sa láthair oibre agus amuigh sa phobal.

**Comhionannas, Ilchineálacht agus Uileghabhálacht:** Tá ITDD tiomanta d'ardoideachas inrochtana do gach aon saghas foghlaimeora trí chomhionannas deiseanna a chur ar fáil, agus tiomanta do sholáthar seirbhísí oideachais agus tacaíochta, rud a chuirfidh ar chumas na bhfoghlaimeoirí a spriocanna a bhaint amach.

**Follasacht agus Cuntasacht:** Tá an Institiúid tiomanta do bhainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní chun muinín an phobail a chaomhnú agus le todhchaí freagrach agus inbhuanaithe airgeadais a chinntiú trí chleachtais eiticiúla.

# ITDD 1970-2020

## 1970

- Bunaíodh Ceardcholáistí Réigiúnacha (CR | RTC)
- Campas 15 acra
- Spás urláir 8,000 $m^2$
- Thart ar 500 mac léinn
- Cuireadh cláir Ardteiste agus cláir teistiméara dhá bhliain ar fáil in Eolaíocht Innealtóireacht agus Staidéar Gnó

## 1973

- Soláthar Printíseachtaí

## 1989

- Osclaíodh an tIonad Forbartha Réigiúnach (RDC): Gorlann an Champais
- Osclaíodh Foirgneamh Faulkner

## 1992

- An Chéad Shíneadh leis an RDC
- Acht na gCeardcholáistí Réigiúnacha 1992

## 2001

- Ceannaíodh Monarcha P J Carrolls
- An Dara Síneadh leis an RDC
- Osclaíodh Foirgneamh T K Whitaker

## 2004

- An Tríú Síneadh leis an RDC
- Osclaíodh Foirgneamh Mhuirtheimhne

## 2005

- Tuirbín Gaoithe – An chéad cheann ar Champas Tríú Leibhéal in Éirinn

## 2006

- Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006

## 2007

- Síníodh Meabhrán Tuisceana Chomhaontas Breisoideachais & Ardoideachais an Tuaiscirt/Oirthir

## 2011

- Osclaíodh Foirgneamh P J Carroll

## 2013

- Ceannach JJB Sports

## 2014

- Osclaíodh DkITSports
- Bunaíodh Scoil Iarchéime Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath - ITDD

## 2018

- Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018
- Tháinig an Southern Regional College, Tuaisceart Éireann isteach in NEFHEA

## 2019

- Ainmníodh Leabharlann De Chastelain

## 2020

- Campas 87 acra
- Spás urláir 74,500 $m^2$
- 5,400 mac léinn
- Cláir á dTairiscint ó Leibhéil 6-10 ar NFQ:
- Gnó & Daonnachtaí, Innealtóireacht, Sláinte & Eolaíocht Faisnéisíocht, Informatics & Ealaíona Cruthaitheacha
- Printíseachtaí Ceardaíochta



# Straitéis ITDD do 2020-2023

Leagann misean, fís, bunluachanna agus tosaíochtaí straitéiseacha Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan amach a cuid uaillmhianta don tréimhse 2020 – 2022. Tá siad seo ag teacht leis na réimsí straitéiseacha a aithníodh i Socruithe Feidhmíochta Misean-bhunaithe an ÚAO | HEA agus léiríonn siad uaillmhianta na hInstitiúide thar cúig phríomh-réimse stiúrtha ag riachtanais na bhfoghlaimeoirí, lucht na foirne agus an réigiúin.

**1** Dreach Athraitheach i dTéarmaí Ainmnithe, Cumasc agus Comhaontas

**2** Barr Feabhais Teagaisc agus Foghlama agus Caighdeán Eispéiris na bhFoghlaimeoirí

**3** Taighde agus Nuálaíocht Ardchaighdeáin atá Iomaíoch go hIdirnáisiúnta

**4** Teagmháil Feabhsaithe Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

**5** Forbairt na hEagraíochta agus Barr Feabhais Corparáideach






# Tosaíochtaí Straitéiseacha, Spriocanna, Aidhmeanna agus Príomhtháscairí Feidhmíochta

Cuirtear na cúig Tosaíochtaí Straitéiseacha aitheanta i láthair le cuspóirí straitéiseacha, aidhmeanna agus príomhtháscairí feidhmíochta ard-leibhéil do na ceithre bliana seo romhainn.





# **Tosaíocht Straitéiseach 1:** Dreach Athraitheach i dTéarmaí Ainmnithe, Cumasc agus Comhaontas

# Stádas OT a bhaint amach do ITDD faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018

Tá ITDD tiomanta go hiomlán do stádas Ollscoile Teicneolaíochta (OT) a bhaint amach. Déanfaidh seo an Institiúid seasmhach i leith na todhchaí agus beidh sí in ann freastal ar riachtanais oideachais, eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha an réigiúin. Dá bharr sin, cinnteoidh an Institiúid go meallfar an líon is mó mac léinn chuig an réigiún, rud a chuirfidh le creatlach eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a gcomhphobal nuair a roghnaíonn siad ar fhanúint agus obair a dhéanamh sa réigiún i ndiaidh dóibh a gcéimeanna a fháil. Leathnóidh stádas OT, mar atá beartaithe i dTionscadal 2040, líon na ndaoine ardoilte do bhraislí réigiúnacha ar leith agus cuirfidh sé go mór le taighde agus nuálaíocht.

Chuirfeadh stádas OT de cheangal ar ITDD dul isteach i gcuibhreannas le cuibhreannais OT eile nó dul isteach le OT eile (i.e. Baile Átha Cliath). Ní mór go ndéanfaí comhpháirtithe féideartha a aithint chomh luath agus is féidir. Chun sin a dhéanamh, bheadh gá creat a bhunú a chabhródh linn comhoibriú a fhorbairt laistigh den chuibhreannas OT aitheanta (nó an OT atá ann cheana féin) agus leanúint ar aghaidh chun na critéir do stádas OT a chomhlíonadh.

## Sprioc Straitéiseach 1:

Stádas OT a bhaint amach do ITDD faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018.

### Aidhmeanna Straitéiseacha:

- Próiseas comhairliúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun comhpháirtí(-ithe) a aithint agus dul isteach mar pháirtí i gcuibhreannas OT (nó dul chun cinn a dhéanamh ar chaidreamh le OT atá ann cheana féin) roimh dheireadh Aibreáin 2020
- Leanúint ar aghaidh leis an obair chun na critéir ainmnithe d'Ollscoil Teicneolaíochta a chomhlíonadh
- Creat a bhunú d'fhorbairt chomhoibrithe laistigh de chuibhreannas nó d'Ollscoil Teicneolaíochta atá ann cheana féin

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- OT nó comhpháirtí do Chuibhreannas OT aitheanta agus faighte faoi mí Aibreáin 2020
- Na critéir chomhpháirtíochta OT a chomhlíonadh.

## Sprioc Straitéiseach 2:

Suíomh na hInstitiúide laistigh de réigiún foghlama Thuaisceart Laighin – Deisceart Ulaidh a fheabhsú.

### Aidhmeanna Straitéiseacha:

- An Meabhrán Tuisceana le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a threisiú
- Comhoibriú a dhéanamh le hinstitiúidí ó Thuaisceart na hÉireann lena n-áirítear QUB agus UU agus comhaontais dhlútha agus éifeachtacha le hearnálacha agus Bhreisoideachais agus Ardoideachais sa réigiún a chur chun cinn
- Cur le braislí CBATT | NEFHEA agus OLT/BÁC | MEND

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Comhaontais mhéadaithe agus fheabhsaithe
- Tionchar Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha na hInstitiúide méadaithe sa réigiún

# Cur le suíomh na hInstitiúide laistigh de Réigiún Foghlama Thuaisceart Laighin – Deisceart Ulaidh

Gné thábhachtach de chaidrimh chomhoibrithe ITDD le hinstitiúidí eile ná na 'pointí fócais' nó na pointí leasa comhchoiteann, atá ann chun leas an dá thaobh a bhaint amach. Tá gné thíreolaíoch ag baint le pointí fócais, áit go n-oibríonn comhpháirtithe i réigiún comh-leasa. Is cuid thábhachtach é d'oibríochtaí Institiúide bheith ag comhoibriú le hinstitiúidí eile i gcúrsaí oideachais agus oiliúna. Tá comhaontas seanbhunaithe agus luachmhar ag an Institiúid le hOCBÁC | DCU; CBATT | NEFHEA; braisle OLT/BÁC | MEND agus le hInstitiúidí Comhpháirtíochta Trasteorann agus cuirfear leis na comhaontais seo amach anseo.

## Comhaontas Breisoideachais agus Ardoideachais an Tuaiscirt/Oirthir (CBATT | NEFHEA)

Tá an Institiúid páirteach sa chomhaontas thuasluaite. I measc na mball eile tá Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha (DIFE), Institiúid Mhuineacháin, Institiúid an Chabháin, Institiúid Uí Fhéich, Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne, Coláiste Beaufort agus an Southern Regional College (SRC) atá lonnaithe i dTuaisceart na hÉireann. Tá taca curtha faoi NEFHEA ag Meabhrán Tuisceana (MT | MoU) a chuireann de cheangal ar a mbaill comhoibriú a dhéanamh chun deiseanna d'fhoghlaimeoirí bogadh ó bhreisoideachas go hardoideachas a fheabhsú, comhoibriú ar dhearadh agus ar fhorbairt chúrsaí chun freagairt do riachtanais réigiúnacha, agus saineolas agus acmhainní a roinnt. Leagann NEFHEA béim ar leith ar dheiseanna d'fhoghlaimeoirí ó institiúidí Breisoideachais agus Oiliúna sa réigiún a mhéadú agus bealaí a chur ar fáil dóibh dul chun cinn agus staidéar a dhéanamh ar chúrsaí ITDD nó Breisoideachais (Leibhéil 7, 8 agus níos airde sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) – rud a chabhróidh le foghlaimeoirí barr a gcumas a bhaint amach. Ó tháinig an SRC isteach in NEFHEA sa bhliain 2018, cuireadh go mór lenár bhféidearthachtaí líonraithe trasteorann.

## Scoil Iarchéime OBÁC - ITDD | DCU - DkIT

Is cuid lárnach de sholáthar taighde iarchéime san Institiúid í Scoil Iarchéime OCBÁC-ITDD. Féadann foghlaimeoirí ar mian leo céim Máistreachta nó PhD trí thaighde a fháil amhlaidh a dhéanamh ag ITDD agus dámhachtain creidiúnaithe ag Ollscoil Chathair BÁC a fháil. Téann comhaontas ITDD le hOCBÁC chomh fada le fearann na nuálaíochta agus na forbartha fiontraíochta, fiú, tríd an Tionscnamh um Threisiú Aistrithe Teicneolaíochta (TTSI) agus tríd an gClár Forbartha d'Fhiontraithe, New Frontiers, atá cistithe ag Fiontraíocht Éireann.

## Braisle Laighin Colún II/Braisle MEND

Tá ITDD i mBraisle Laighin Colún II, ina bhfuil OCBÁC, Ollscoil Mhá Nuad agus IT Bhéal Átha Luain chomh maith (an braisle réigiúnach ar a dtugtar an Braisle OLT/BÁC | MEND, ina bhfuil contaetha ó Lár na Tíre, ón Oirthear agus ó Thuaisceart BÁC). Tá cistiú breise ar fáil chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbraisle, chomh maith.

## Fóraim Réigiúnacha Scileanna

Spreagtar agus cuirtear chun cinn comhoibriú idir-institiúide trí na Fóraim Réigiúnacha Scileanna chomh maith, a bhfuil mar aidhm acu cumas institiúidí oideachais aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais forbartha eacnamaíochta a fheabhsú. Sa bhliain 2015, thosaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag obair ar naoi bhFóraim Réigiúnacha Scileanna a bhunú, rud a chuir ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta ag comhoibriú le Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO | ETB) chun teagmháil le fostóirí a fheabhsú. Cruthaíodh na Fóraim chun plé a dhéanamh ar riachtanais scileanna gach réigiúin agus conas go bhféadfadh soláthraithe oideachais agus oiliúna na riachtanais seo a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtaí. Tá ról suntasach ag ITDD i bhFóram Scileanna Réigiúnach an Oirthuaiscirt – ise an t-aon soláthraí ardoideachais ann.

## Comhpháirtíochtaí Trasteorann

Leanfaidh an Institiúid uirthi ag treisiú a caidreamh le hOllscoil Ulaidh | University of Ulster agus le hOllscoil na Banríona | Queen's University agus cuirfidh sí lena bhfuil bainte amach aici ó thaobh taighde, nuálaíochta agus forbartha fiontar de. Tá fuinneamh athnuaite in ITDD agus í tiomanta do chur le réigiún Thuaisceart Laighin-Deisceart Ulaidh, ina bhfuil an réigiún trasteorann seo.





*“Ní dhéanfaidh mé riamh dearmad ar na trí bliana atá caite agam in ITDD. Bhog mé ón Oirdheisceart, gan aithne agam ar aon duine sa Choláiste seo, ach ón gcéad lá bhraitheas an fháilte romham. Tá atmaisféar comhphobail ceart ann agus feictear aghaidheanna cairdiúla i ngach aon dorchla – ní fhaighfeá sin aon áit eile. Tá an oiread sin cuimhní agam ón áit seo agus is cinnte go mbeidh tionchar acu siúd ar atá i ndán dom amach anseo.”*

**Katie Ryan**
**Mac Léinn in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan**



# **Tosaíocht Straitéiseach 2:** Teagasc agus Foghlaim den Chéad Scoth agus Caighdeán Eispéiris na bhFoghlaimeoirí

# Teagasc agus Foghlaim den Chéad Scoth agus Cáilíocht Eispéiris na bhFoghlaimeoirí

Go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta, tá tionchar choincheap 'rath mac léinn' tar éis dul i méid go mór mar bhealach tuisceana agus leasaithe ar eispéireas an fhoghlaimeora. Léiríonn an téarma athrú meoin agus béime: foghlaim seachas gnóthú agus rannpháirtíocht seachas coinneáil i gcuimhne. Tá tuiscint náisiúnta forbartha ag an bhFóram Náisiúnta um Leasú Teagaisc agus Foghlama ar Rath Mac Léinn, mar atá soiléirithe thíos:

> 'Tugann 'rath mac léinn' na deiseanna foghlama agus forbartha is fearr do gach mac léinn le gur féidir leo barr a gcumas a bhaint amach, cur leis an tsochaí agus bheith gníomhach agus sásta inti. Chun seo a bhaint amach, ní mór go mbeadh, in earnáil ardoideachais na hÉireann, cultúr uileghabhálachta, comhionannais agus rannpháirtíochta ceart idir mic léinn, lucht na foirne, a n-institiúidí agus an pobal i gcoitinne' (O'Farrell, 2019, lch.27).

Stiúrtha ag riachtanais ár bhfoghlaimeoirí agus ár réigiúin, tá ITDD tiomanta do rath mac léinn a chur chun cinn trí eispéiris foghlama ardchaighdeáin, tacúla a chinntiú a thugann deis do na céimithe forbairt agus dul isteach sa láthair oibre is iad ina dtionchair mhaithe dá bpobail.

Fanfaidh foghlaimeoirí ag croílár straitéis ITDD i gcónaí. Léirítear seo sna tosaíochtaí straitéiseacha ina gcuirtear béim ar eispéireas ardchaighdeáin, tacúil don fhoghlaimeoir. Cuirtear béim ar leith ar fholláine, rud a éascaíonn rath an mhic léinn.

Mar a léirítear i bpunann clár ITDD, leanfaidh sí uirthi ag soláthar clár printíseachtaí ceardaíochta agus ardoideachais, ó Leibhéal 7 go Leibhéal 10 go príomha, thar raon disciplíní sa Ghnó, i nDaonnachtaí, i bhFaisnéisíocht, sna hEalaíona Cruthaitheacha, i Sláinte, in Eolaíocht agus in Innealtóireacht. Le próifíl déimeagrafach an réigiúin san áireamh, cuirfidh ITDD béim ar leith ar an sé príomh-réimse seo a leanas:

1. A chinntiú go bhfuil infhostaitheacht aitheanta mar phríomh-ghné den eispéireas foghlama;
2. Modhanna solúbtha soláthair a úsáid chun freagairt do riachtanais fostóirí agus lucht fiontair trí chláir oiliúna agus uas-scilithe dírithe a chur ar fáil. Cuirfidh an Institiúid FGL | CPD sa bhreis ar fáil, nuair is cuí, do lucht na foirne chun na modhanna soláthair seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
3. Aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais na bhfoghlaimeoirí lánaimseartha agus solúbtha sna cláir ó Leibhéil 7-10 agus sna printíseachtaí ceardaíochta;
4. Leanúint le soláthar ár bpríomh-chlár thar gach disciplín agus deiseanna a aithint chun cláir idir-dhisciplíneacha ETIEM | STEAM a fhorbairt agus a sholáthar;
5. Soláthar ETIM | STEM a mhéadú agus Scoil na hInnealtóireachta a scálú;
6. Raon na gclár atá á soláthar againn ag Leibhéil 9 agus 10 a fhorbairt agus tuilleadh méadrachtaí Ollscoile Teicneolaíochta a fháil.


Rachaidh ITDD ag obair i ndlúthchomhar lena comhpháirtithe in CBATT | NEFHEA leibhéil mhéadaithe i gcás dul chun cinn ó Bhreisoideachas go hArdoideachas a chinntiú, ó ghrúpaí sonraithe atá faoi ghannionadaíocht ach go háirithe. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Institiúid iniúchadh ar roghanna breise do chláir bhunchúrsaí chun deiseanna na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú.

Leanfaidh an Institiúid uirthi ag forbairt agus ag tacú le printíseachtaí ceardaíochta. Cuirfidh an tsamhail nua phrintíseachta deiseanna breise ar fáil i gcomhpháirtíochtaí san oideachas fiontraíochta agus cuireann sí bealach oideachais eile ar fáil d'fhoghlaimeoirí sa réigiún. Tugann sé an deis don Institiúid seasamh amach ón slua san earnáil ardoideachais chomh maith, ó thaobh soláthar foghlama agus teagaisc de.

Tá an seans ann go mbeidh tionchar ag Brexit ar ghluaiseacht agus earcú mac léinn Trasteorann. Tá an Institiúid tiomanta fós, mar cheann as dhá ionad ardoideachais lonnaithe ar an teorainn le Tuaisceart na hÉireann, leanúint lena ról i bhforbairt oideachais agus eacnamaíochta trasteorann agus leanfaidh sí uirthi á cur féin chun cinn d'fhoghlaimeoirí féideartha ó Thuaisceart na hÉireann.

Tabharfaidh ITDD tús áite ina fócas straitéiseach do rátaí rannpháirtíochta agus rochtana a mhéadú. Ní mór dúinn, dá bharr, béim ar leith a chur ar sholáthar foghlama solúbtha agus fad saoil a mhéadú. Léiríonn seo meon straitéiseach na hInstitiúide i gcás cláir áirithe a chur ar fáil atá ábhartha do riachtanais agus leibhéil chumais foghlaimeoirí agus freastal ar riachtanais fhostóirí sa réigiún. Chun tacú leis an aidhm straitéiseach seo, forbróidh an Institiúid bealaí rochtana agus bealaí do ghrúpaí foghlaimeoirí ilchineálacha le dul chun cinn.

Tá na spriocanna straitéiseacha seo a leanas, agus na haidhmeanna straitéiseacha, agus na príomhtháscairí feidhmíochta a ghabhann leo leagtha amach faoin tosaíocht straitéiseach seo.



## Sprioc Straitéiseach 3:

Cloí le heispéireas foghlama ardchaighdeáin, uileghabhálach a thugann tacaíocht dár bhfoghlaimeoirí go léir, ar bhealach iomlánaíoch, lena n-ilchineálacht san áireamh, chun gur féidir leo barr a gcumas a bhaint amach.

### Aidhm Straitéiseach:

- Cuidiú le rath mac léinn trí bharr feabhais agus nuálaíocht san fhoghlaim, sa teagasc, agus sa mheasúnú a chinntiú.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Straitéis leasaithe Foghlama agus Teagaisc ITDD a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Straitéis agus Beartas Foghlama Digitigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Straitéis maidir le Rath Mac Léinn a chur i bhfeidhm
- Beartais agus nósanna imeachta faofa a leasú le go gcuirfí dearbhú cáilíochta san áireamh d'fhoghlaim chumaisc agus d'fhoghlaim ar líne
- Forbairt ghairmiúil a sholáthar, idir chreidiúnaithe agus neamh-chreidiúnaithe, san fhoghlaim agus sa teagasc, atá oscailte dóibh siúd go léir a thacaíonn leis an bhfoghlaim.

### Aidhm Straitéiseach:

- Tacaíocht éifeachtach, atá dírithe ar fhoghlaimeoirí, a sholáthar dár bhfoghlaimeoirí go léir.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Measúnú ar acmhainní tacaíochta d'fhoghlaimeoirí déanta agus curtha i bhfeidhm
- Cur chuige struchtúrtha i gcás tacaíochta a chur i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí páirtaimseartha
- Tairseach tacaíochta ar líne d'fhoghlaimeoirí forbartha agus curtha i bhfeidhm
- Córas ionduchtaithe ar líne a fhorbairt atá ar fáil roimh chlárú
- Fóram bainistíochta mac léinn a chruthú.

### Aidhm Straitéiseach:

- Níos mó deiseanna a chur ar fáil inár réigiún féin trí raon leathan clár agus bealaí rochtana a thairiscint d'fhoghlaimeoirí agus ár soláthar iarchéime, solúbtha agus fad saoil a leathnú.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Líon iomlán na mac léinn
- Líon na gcláruithe CAO Leibhéal 6-8
- Líon na mac léinn páirtaimseartha agus Springboard
- Líon na gclár fochéime le huasiontráil iontu, lena n-áirítear Breisoideachas go hArdoideachas
- Líon na mac léinn printíseachta
- Líon na n-iarchéimithe múinte agus taighde
- Rannpháirtíocht ghrúpaí faoi ghannionadaíocht.

### Aidhm Straitéiseach:

- Tacú le Folláine agus Meabhairshláinte dhearfach, agus iad a chur chun cinn

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Beartas cuimsitheach meabhairshláinte don champas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar threoirlínte 'Connecting for Life' de chuid FSS.



## Sprioc Straitéiseach 4:

Foghlaimeoirí a fhorbairt mar chéimithe, go pearsanta agus go gairmiúil, ar féidir leo tionchar dearfach a bheith acu ar an tsochaí.

### Aidhm Straitéiseach:

- Cur le rannpháirtíocht ó mhic léinn.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Creat a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht ó mhic léinn a threisiú agus a chur chun cinn

### Aidhm Straitéiseach:

- A chinntiú go n-aithnítear infhostaitheacht mar phríomh-ghné den eispéireas foghlama.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Saintréithe Céimithe ITDD forbartha
- Ráiteas Infhostaitheachta na hInstitiúide forbartha, glactha agus léirmhínithe i gcomhthéacs na gclár ar leith

### Aidhm Straitéiseach:

- Cur le teagmháil idir fostóirí agus foghlaimeoirí.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Líon na socruithe agus treochtaí ó thaobh fáis, ceantair fhiontraíochta agus suímh de
- Líon na n-imeachtaí bainteach le fostóirí / infhostaitheacht ar an gcampas
- Líon na gcomhpháirtithe i gcláir iarchéime ag ITDD ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach.






*"Tá an-chuid cúinsí a chuireann le rath mac léinn anseo in ITDD: glactar le gach saghas mac léinn, tá líon beag mac léinn sna ranganna agus, gan dabht, na straitéisí agus na modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama, atá ag croílár gach cláir acadúil."*

**Brid Delahunt**
**Léachtóir i Roinn an Altranais, Cnáimhseachas agus Luathbhlianta**





# **Tosaíocht Straitéiseach 3:** Taighde agus Nuálaíocht Ardchaighdeáin, atá iomaíoch go hIdirnáisiúnta

# Taighde agus Nuálaíocht Ardchaighdeáin, atá iomaíoch go hIdirnáisiúnta

Tá dúshláin dhomhanda mhóra os ár gcomhair i láthair na huaire a théann i bhfeidhm go mór ar chaighdeáin bheatha dhaoine: cineálacha malartacha fuinnimh a aimsiú, teacht ar chóir leighis do ghalair mharfacha agus aghaidh a thabhairt ar mhórcheisteanna sochaíocha maidir le pobail atá ag dul in aois. Tá ITDD ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na mórcheisteanna domhanda seo agus réitigh a fháil do lucht fiontair agus don phobal i gcoitinne. Ba ghné lárnach i gcónaí dár ngníomhaíochtaí taighde é a chinntiú go mbraithfí tionchar ár gcuid taighde: bearnaí eolais a líonadh, tacú le forbairt eacnamaíoch, dúshláin shochaíocha a shárú, beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta a stiúradh agus eolas a chur ar fáil do shainchúram teagaisc na hInstitiúide.

Tá sé mar aidhm ag an Institiúid infheistiú in earnálacha fáis a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, a thagann le láidreachtaí taighde na hInstitiúide, atá stiúrtha ag an gcomhshaol seachtrach, atá bunaithe ar ardchaighdeáin agus atá stiúrtha ag riachtanais an domhain – le tionchar sochaíoch agus eacnamaíochta a bhraithfí sa saol dáiríre. Tríd an mBeart Náisiúnta um Thús Áite don Taighde, Fís 2020, Nuálaíocht 2020 agus trí féin-mheasúnú a rinne an Institiúid le déanaí, d’aithin an Institiúid a láidreachtaí taighde reatha agus réimsí taighde atá ag teacht chun cinn. Tá clár oibre taighde na hInstitiúide sa dá chás thuas stiúrtha ag foirne taighde éagsúla, atá fite sna ceithre scoil acadúla san Institiúid. Ina measc, tá:

- *Braislí Taighde Reatha in Ord Tosaíochta:* (a) ICT, Sláinte agus Aosú; (b) Fuinneamh agus an Comhshaol agus (c) Ealaíona Cruthaitheacha.
- *Braislí Taighde atá ag Teacht Chun Cinn:* (a) Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta; (b) Teagasc agus Foghlaim agus (c) Fiontraíocht.

Tá sé mar aidhm ag an Institiúid ach go háirithe lárphointe a chruthú a dhíreoidh ar ionaid taighde ardfheidhmíochta ar leith.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh an Institiúid feiceálacht a cuid taighde a mhéadú i measc a páirtithe leasmhara, lena n-áirítear cisteoirí taighde, comhlachtaí príobháideacha agus poiblí, comhoibrithe ionchasacha agus an pobal i gcoitinne. Léireoidh sé seo na slite éagsúla, uathúla go bhfuil taighde na hInstitiúide ag cur leis an stór eolais ghinearálta. Ní hamháin go gcuideoidh feiceálacht mhéadaithe le cumas na hInstitiúide teacht ar mhaoiniú taighde seachtrach, ach cuirfidh sí ar ár gcumas comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le comhlachtaí poiblí agus príobháideacha. Tuigimid go maith gur ardchaighdeán agus saineolas ár dtaighdeoirí is cúis le rath ár gcuid taighde.

Féachfaidh an Institiúid le tacaíocht ghníomhach a sholáthar dá comhphobal taighde agus iad i mbun a gcuid oibre, idir thaighdeoirí bunaithe agus thaighdeoirí ag tús a ngairmeacha. Is sa tslí seo amháin gur féidir leis an Institiúid a fís taighde a bhaint amach: le bheith mar cheannaire ina cuid gníomhaíochtaí taighde. Tá taighde ina ghné ríthábhachtach agus lárnach i dtimpeallacht foghlama na hInstitiúide, do lucht na foirne agus do na mic léinn. An treoirphrionsabal ná gníomhaíochtaí taighde na hInstitiúide a shníomh sna Scoileanna acadúla ar fad trí shraith ghníomhartha straitéiseacha a chur i bhfeidhm.



*"Tá sé feicthe agam go bhfuil pobal taighde ITDD an-thacúil, spreagúil agus cothaitheach. Aithnítear agus léirítear meas ar obair agus cumas na dtaighdeoirí aonair. Thosaigh mé mo ghairm taighde mar chomhalta taighde iardhochtúireachta agus táim anois i mo stiúrthóir san ionad taighde ina bhfuilim ag obair, agus thacaigh ITDD le mo dhul chun cinn."*

**An Dr. Julie Doyle**
**Stiúrthóir, NetwellCASALA**

## Sprioc Straitéiseach 5:

Barr feabhais sa taighde agus sa nuálaíocht a dhíriú agus a stiúradh, i dtimpeallacht chumasaithe, ag leibhéal atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, ar bhealach go mbeadh dea-thionchar acu ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar agus a thacaíonn lenár dtimpeallacht teagaisc agus foghlama.

### Aidhmeanna Straitéiseacha:

- A chinntiú go bhfuil ár dtosaíochtaí taighde ag teacht leis na réimsí a aithníodh sa Bheart Náisiúnta um Thús Áite don Taighde agus ag Fís san Eoraip
- Comhpháirtíochtaí fiontair agus pobail a threisiú agus a fhorbairt i bhfeidhmeanna agus i gcláir thaighde a chuireann taighde aistritheach chun cinn
- Tús áite a thabhairt d'fhoirne taighde tosaigh do chláir sheachtracha shuntasacha straitéiseacha agus d'infheistiú inmheánach
- Taighdeoirí acadúla den scoth i réimsí taighde ar leith a earcú agus a choinneáil
- Réimsí taighde atá ag teacht chun cinn a aithint, agus tacaíocht a thabhairt dóibh
- Tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil do lucht na foirne reatha chun go mbeidh siad in ann tabhairt faoi thaighde
- Dualgais thaighde agus theagaisc gach taighdeora gníomhaigh a athbhreithniú
- Tacú le cur i bhfeidhm náisiúnta an Chreata Gairme do Thaighdeoirí
- Barr feabhais agus tionchar taighde a aithint agus a chúiteamh.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Cistiú taighde státchiste agus neamh-státchiste giaráilte agus taighdeoirí
- Líon na ndámhachtainí taighde agus nuálaíochta
- Líon na dtaighdeoirí ag Leibhéil 9 agus 10
- Líon na ndaoine ar bronnadh cáilíocht Leibhéil 9 agus 10 orthu
- Líon na maoirseoirí taighde
- Líon agus fairsinge aschur na mbeartas intleachtúil, de réir TTSI3
- Líon agus fairsinge aschur na mbeartas intleachtúil, de réir TTSI3
- An Dámhachtain um Bharr Feabhais sa Taighde AD | HR a chaomhnú.

## Sprioc Straitéiseach 6:

Líonraí comhoibrithe taighde agus nuálaíochta, idir reatha agus nua, a chruthú agus a chaomhnú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar scála a mhéadódh feiceálacht agus tionchar ár gcuid taighde agus nuálaíochta.

### Aidhmeanna Straitéiseacha:

- Dul isteach go foirmiúil i gcláir mhóra taighde agus nuálaíochta náisiúnta agus Eorpacha
- Comhaontais straitéiseacha a chruthú chun tionchar ár gcuid taighde a uasmhéadú
- Straitéis mhionsonraithe chumarsáide maidir lenár ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a fhorbairt.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Leibhéal páirtíochta i líonraí ar fud an AE agus ráta rathúlachta maidir le hiarratais chuig Fís na hEorpa
- Páirtíocht in Ionaid FEÉ | SFI uile-oileáin
- Meabhráin Tuisceana Taighde agus Nuálaíochta le comhpháirtithe tríú leibhéil
- Iarratais ar Chláir FEÉ | SFI Éire-Stáit Aontaithe
- Foilseacháin piarmheasúnaithe in irisí agus luanna
- Straitéis Chumarsáide Taighde agus Nuálaíochta forbartha agus curtha i bhfeidhm






Lá na gCultúr Idirnáisiúnta

## **Tosaíocht Straitéiseach 4:**
## Rannpháirtíocht Bhreisithe Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

# An leibhéal freagartha d'eagraíochtaí seachtracha a mhéadú, dírithe ar réimsí ardchaighdeáin san acadúlacht, soláthar foghlama solúbtha, láidreachtaí taighde agus nuálaíochta

Tá ról ITDD i bhforbairt chomhtháite agus feabhsú saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha an réigiún trasteorann, domhan-nasctha seo ag croílár Straitéis ITDD. Tá an Institiúid tiomanta dá rannpháirtíocht le fiontair réigiúnacha trasteorann, le pobail, le comhlachtaí stáit agus leathstáit, le soláthraithe oideachais agus le príomh-pháirtithe leasmhara eile ar mhaithe leis an réigiún. Cuireann leasú na timpeallachta taighde, nuálaíochta agus foghlama in ITDD taca faoi chruthú deiseanna saibhre, cruthaíonn sé droichead láidir rannpháirtíochta le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus léirítear é i gClár Comhpháirtíochta Corparáideach na hInstitiúide. Chun an clár oibre seo a chur i gcrích, cinnteoidh an Institiúid comhleanúnachas níos fearr san eagraíocht uilig. Beidh gá le comhoibriú idir aonaid feidhmiúla le go n-áireodh siad an tIonad Gairmeacha agus Infhostaitheachta, an tIonad Foghlama ar Feadh an tSaoil, Ionaid Taighde, an tIonad Forbartha Réigiúnach agus Fóram Scileanna Réigiúnach an Oirthuaiscirt.

Tá an tIonad Forbartha Réigiúnach (IFR | RDC) in ITDD, ag feidhmiú mar chomhéadan tráchtála idir ITDD agus an saol tionsclaíoch, tráchtála agus gnó sa réigiún, tar éis fás agus forbairt eacnamaíocht a stiúradh ó bunaíodh é sa bhliain 1989. Cuireann an RDC an saineolas, na háiseanna agus na hacmhainní ar fáil don Institiúid ar mhaithe le heacnamaíocht an réigiúin, chomh maith le tacaíochtaí suntasacha d'fhiontair atá tacaithe ag taighde leanúnach. Bíonn an RDC ag obair ar fhiontraíocht a chur chun cinn i measc na mac léinn, ar thacú le gnólachtaí nuathionscanta eolas-bhunaithe agus ar thacaíochtaí speisialaithe a chur ar fáil chun freagairt do riachtanais ghnólachtaí seanbhunaithe trí thionscadail nuálaíochta agus taighde feidhmeacha. Tá Ionad Gairmeacha & Infhostaitheachta ITDD dírithe ar scileanna Infhostaitheachta agus Socruithe Oibre do Mhic Léinn trí dhul i dteagmháil le foghlaimeoirí agus le fostóirí chun tacú le foghlaim na mac léinn agus chun naisc shuntasacha a chruthú leis na réimsí gairmeacha uilig go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Déanann an tIonad Foghlama ar Feadh an tSaoil in ITDD comhordú ar chúrsaí páirtaimseartha agus Springboard chun riachtanais eagraíochtaí seachtracha a chomhlíonadh, agus cuirtear iad seo ar fáil ar an gcampas nó ar bhonn for-rochtana.





*“Tá na naisc atá déanta againn agus na caidrimh atá cruthaithe againn tar éis a bheith ríthábhachtach dúinn agus muid ag forbairt ár ngnó. Gan tacaíocht ó líonra RDC dITDD agus na háiseanna a chuireadar ar fáil, bheadh sé fíordheacair orainn riachtanais ár gcliant a chomhlíonadh.”*

**Alan Clarke**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, STATSports**

# Sprioc Straitéiseach 7:

An leibhéal freagartha d'eagraíochtaí seachtracha a mhéadú, ag díriú ar réimsí ina bhfuil barr feabhais acadúil, soláthar foghlama solúbtha, taighde agus láidreachtaí nuálaíochta.

## Aidhm Straitéiseach:

- Ár gcumas ó thaobh gor fiontar agus cruthú post de a mhéadú.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Pobal tacúil fiontraithe, gnólachtaí nuathionscanta agus IDE | FDI tuirlingthe boige, tomhaiste trí shuirbhéanna um shástacht cliant
- Leibhéil áitíochta ghoir a choimeád os cionn marcanna airde idirnáisiúnta
- Spriocanna cisteoirí a shroicheadh i gcás líon rannpháirtithe i gcláir forbartha fiontraíochta
- Na gorlanna a leathnú

## Aidhm Straitéiseach:

- Timpeallacht chumasaithe agus spreagúil a chruthú agus a chaomhnú do lucht na bainistíochta le heagraíochtaí seachtracha.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Creat FGL | CPD a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don lucht foirne tacaíochta chun teagmháil le heagraíochtaí seachtracha a threisiú

## Aidhm Straitéiseach:

- Líon na dtionscadal taighde, nuálaíochta agus foghlama le heagraíochtaí seachtracha a mhéadú

## Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Feiceálacht a ghiaráil trí fhorbairt straitéise mionsonraithe cumarsáide, le go gcuirfí Comhthaobhacht Mhargaíochta Chorparáidí san áireamh
- Líon na Meabhrán Tuisceana le Cláir Chomhpháirtíochta Chorparáideacha, líon na gcomhaontas comhpháirtíochta agus líon na gconarthaí soláthartha foghlama a forbraíodh le heagraíochtaí seachtracha a mhéadú
- Leanúint leis an urraíocht bhliantúil ar phoist Fiontraíochta Taighde agus Nuálaíochta Iarchéime

# Eispéiris na bhfoghlaimeoirí agus a bhfeasacht dhomhanda a fheabhsú agus a leathnú trí fhorbairt mharthanach a dhéanamh ar idirnáisiúnú, isteach is amach

Tá sé mar aidhm ag ITDD a cuid earcaíochta idirnáisiúnta a chomhdhlúthú, ilchineálacht idirnáisiúnta a mhéadú agus teagmháil straitéiseach idirnáisiúnta a fhorbairt trí ghluaiseacht mac léinn agus lucht foirne, isteach is amach, a éascú. Tá idirnáisiúnú mar phríomh-thosaíocht fós ag an Institiúid agus cuireann sí roimpi fanúint ag an leibhéal is airde i measc na nInstitiúidí ó thaobh mic léinn eachtrannacha a mhealladh isteach. Tugann Brexit deiseanna breise d'Éirinn agus don Institiúid mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh.

Nascann an sprioc seo go díreach le misean agus fís na hInstitiúíde céimithe a chruthú atá ullamh don obair, le meon idirnáisiúnta agus tuiscint idir-chultúrtha acu. Tá idirnáisiúnú sa churaclam cheana féin. Úsáidtear straitéisí foghlama agus teagaisc sa seomra ranga le cinntiú go ndéanann mic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta comhoibriú, rud a chabhraíonn lena gcuid inniúlachtaí idirchultúrtha. Tá an Institiúid tiomanta fós do chaomhnú agus do chur chun cinn gníomhaíochtaí malartaithe idirnáisiúnta agus leanfaidh sí uirthi ag méadú feasachta i measc na foirne agus na mac léinn maidir le tábhacht malartuithe thar lear.

## Sprioc Straitéiseach 8:

Eispéiris na bhfoghlaimeoirí agus a bhfeasacht dhomhanda a fheabhsú agus a leathnú trí fhorbairt mharthanach a dhéanamh ar idirnáisiúnú, isteach is amach.

### Aidhm Straitéiseach:

- Líon na mac léinn idirnáisiúnta ag teacht isteach a mhéadú

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta ó mhargaí spriocdhírithe a mhéadú
- Meabhráin Tuisceana a fhorbairt le soláthraithe ardoideachais eile le béim ar mhalartú mac léinn agus foirne, scoileanna samhraidh agus bealaí uas-iontrála.

### Aidhm Straitéiseach:

- Líon na mac léinn, na foirne agus lucht an taighde a mhéadú atá ag díriú ar dheiseanna forbartha seachtracha.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Idirnáisiúnú feabhsaithe
- Líon na foirne atá ag obair ar ghluaiseachtaí amach a mhéadú
- Líon na mac léinn atá i mbun gluaiseachtaí amach, Erasmus, a mhéadú



*"Tháinig mé go ITDD mar mhac léinn thiar i 2012 chun Céim Bhaitsiléara in Eolaíocht Chógaisíochta a chríochnú agus chuaigh mé ar aghaidh chun cúrsa breise Leibhéal 8 a dhéanamh, áit go bhfuaireas Céadonóracha sa bhliain 2016. Tá PhD á chur i gcrích agam anois ag an Ionad Taighde um Mhatáin Mhíne.*

*Ní fhéadfainn dul chomh fada le Leibhéal 9 gan na tacaíochtaí iontacha ón Oifig Idirnáisiúnta agus ó mo léachtóirí. Tá an t-atmaisféar ar an gcampas an-chomhoibríoch agus tá caighdeán na gclár an-ard."*

**Ms. Zhihui Fong (Nicole)**
**Mac Léinn Ph.D ag an Ionad Taighde um Mhatáin Mhíne**





# **Tosaíocht Straitéiseach 5:**
# Forbairt na hEagraíochta agus Barr Feabhais Corparáideach

# Forbairt na hEagraíochta agus Barr Feabhais Corparáideach

Tá sé mar aidhm ag ITDD a dhéanamh mar a gheall sí d'fhoghlaimeoirí, don phobal agus don réigiún. Cumasófar lucht an foirne trí mhodhanna cumarsáide éifeachtacha agus trí fhorbairt leanúnach ghairmiúil.

**Timpeallacht Fhisiciúil agus infreastruchtúr TF | IT:** Déanfar Plean Forbartha Campais na hInstitiúide a nuashonrú leis na riachtanais chaipitil reatha a léiriú. Chomh maith leis sin, forbrófar Plean IT nua chun riachtanais oideachas an Aonú Aois is Fiche a léiriú ó thaobh infreastruchtúr digiteach, modhanna nua foghlama agus nascacht.

**Inbhuanaitheacht Airgeadais:** Bunphrionsabal sa straitéis é inbhuanaitheacht fadtéarma airgeadais na hInstitiúide a chinntiú. Beidh gach gníomh pleanála acmhainní amach anseo ag teacht go straitéiseach leis an misean agus leis an bhfís ginearálta, faoi réir mhórcheisteanna airgeadais.

Cinnteoidh aidhmeanna éagsúla eagraíochta, atá dírithe ar an eagraíocht a chur i suíomh straitéiseach, go ndéanfar aon fhorbairt Institiúide amach anseo faoi réir:

1. Clár oibre comhionannais agus ilchineálachta;
2. Creidiúnú Athena Swan a fháil;
3. Cur le feasacht branda;

Tá an sprioc straitéiseach seo a leanas, agus na haidhmeanna straitéiseacha a ghabhann leis, leagtha amach faoin Tosaíocht Straitéiseach seo.

## Sprioc Straitéiseach 9:

Clú na hInstitiúide mar eagraíocht atá tiomanta do bharr feabhais, do chomhionannas agus d'fholláine na bhfoghlaimeoirí agus na foirne a mhéadú..

### Aidhmeanna Straitéiseacha:

- Cleachtais rialachais, cheannaireachta agus oibríochta éifeachtacha a léiríonn gur eagraíocht ghairmiúil, dhírithe agus fhreagrúil í
- Dírigh agus cumasaigh gach ball foirne trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Tiomantas do Dhualgais Chomhionannais, Ilchineálachta agus Earnála Poiblí agus leis na Cláir Oibre Gaeilge
- Áiseanna campais agus infreastruchtúr/Córais IT feabhsaithe
- Feasacht branda a mhéadú go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta:

- Cód Rialachais a chur i bhfeidhm agus barrachas oibriúcháin a chaomhnú
- Beartais earcaíochta ITDD a nuashonrú chun teagmháil le heagraíochtaí seachtracha a chur san áireamh mar chritéar do phoist acadúla, taighde agus nuálaíochta
- Leibhéil cháilíochta FPL | CPD i measc na foirne acadúla a mhéadú de réir mhéadracht TU
- Creidiúnú Athena Swan a bhaint amach
- Dhá cheapachán i SALI a bhaint amach
- Acht na Gaeilge a chur i bhfeidhm
- Pleananna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun spriocanna agus aidhmeanna straitéiseacha na hInstitiúide a sholáthar go héifeachtach. I measc na bpleananna sin, tá:
    - Plean Acmhainní 2020-2023
    - Straitéis Mhargaíocht agus Forbartha Branda 2020-2023
    - Straitéis Chumarsáide Inmheánaí agus Sheachtraí 2020-2023
    - Plean Forbartha Campais 2020-2030
    - Plean TF | IT 2020-2030



*“Mar bhainisteoir na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide in ITDD, an ról atá agam ná a chinntiú go bhfuil teacht ag gach ball foirne is mac léinn ar an teicneolaíocht is gá dóibh a úsáid chun tacú lena n-eispéiris teagaisc agus foghlama. Gné lárnach den tasc sin ná díriú ar an infreastruchtúr IT a fhorbairt go leanúnach chun timpeallacht dhigiteach a chruthú a thacaíonn le modhanna nua teagaisc agus foghlama a sheasfaidh an aimsir."*

**Michael Denihan**
**Bainisteoir na Seirbhísí Ríomhairí**


# Dul Chun Cinn a Chur i bhFeidhm agus a Thuairisciú

Leagtar na cúig Tosaíochtaí Straitéiseacha amach lena spriocanna straitéiseacha ardleibhéil, a n-aidhmeanna agus a bpríomhtháscairí feidhmíochta gaolmhara don chéad ceithre bliana eile. Leagann an Plean Straitéiseach na tosaíochtaí agus na spriocanna ardleibhéil amach a thacóidh le próiseas cinnteoireachta na hInstitiúide amach anseo. Tá an tUachtarán agus an Fhoireann Cheannaireachta freagrach as an bPlean Straitéiseach a bhainistiú, a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm. Tá na róil agus na freagrachtaí as soláthar na spriocanna ar fad leagtha amach in Aguisín 1.

Déanfar fo-straitéisí agus pleananna feidhmithe a fhorbairt do gach ceann de na Tosaíochtaí Straitéiseacha chun soláthar na spriocanna straitéiseacha, na n-aidhmeanna agus na bpríomhtháscairí feidhmíochta a ghabhann leo a chinntiú. Sonróidh na pleananna seo conas mar a bhainfear na spriocanna straitéiseacha, na spriocanna mionsonraithe straitéiseacha agus SMART (Specific | Sonrach - Measurable | Intomhaiste - Achievable | Indéanta - Realistic | Réadúil - Timely | Tráthúil) agus na príomhtháscairí feidhmíochta a ghabhann leo, amach. Forbróidh freagracht fheidhmeach gach sprioc straitéiseach an plean trí dhul i dteagmháil le Scoileanna, Ranna agus Aonaid Fheidhmiúla tar éis an gcéad 3 mhí dúinn glacadh leis an bPlean Straitéiseach 2020 – 2022.

Sna pleananna mionsonraithe seo, déanfar roinnt réimsí breise a iniúchadh agus a thaifeadadh. De réir dea-chleachtais, aithneoidh gach sprioc straitéiseach a próifíl riosca agus a roghanna laghdaithe riosca chun tacú le próiseas bainistíochta riosca na hInstitiúide. Saineoidh gach réimse critéir thagarmharcála. Aithneofar tosca seachtracha agus inmheánacha, go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhaint amach na spriocanna agus na bpríomhtháscairí feidhmíochta, agus déanfar roghanna teagmhais a iniúchadh. Déanfar creat measúnaithe a fhorbairt ar thionchar bhaint amach gach tosaíochta straitéisí. Glacfar leis an gcreat ansin chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bheadh acu ar an Institiúid, thar a tosaíochtaí straitéiseacha ar fad. Beidh na pleananna seo mar bhonn le forbairt phlean leithdháilte acmhainní, ag teacht le spriocanna straitéiseacha socraithe na hInstitiúide don chéad ceithre bliana eile.

Déanfaidh an Fhoireann Cheannaireachta athbhreithniú, monatóireacht agus tuairisciú ar dul chun cinn. Beidh sé seo mar bhonn leis an tuarascáil bhliantúil chomh maith. Cuirfear an tuarascáil seo faoi bhráid an Bhoird Rialaithe arna athbhreithniú agus arna ghlacadh. Beidh sé mar bhonn chomh maith leis an tuarascáil bhliantúil chuig an Údarás um Ardoideachas maidir leis an Socrú Feidhmíochta Misean-bhunaithe.





Gairdín na gCéadfaí,
Foirgneamh Muirtheimhne

# Tagairtí


Comhionannas Inscne a Thabhairt Chun Cinn in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann – Plean Gníomhaíochta um Inscne 2018-2020, Tuairisc an Tascfhórsa um Chomhionannas Inscne; An Roinn Oideachais agus Scileanna 2018

Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2018

Plean Gníomhaíochta chun Printíseachtaí agus Oiliúint a Leathnú in Éirinn, An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016

Cóngas & Comhoibriú trí Nascacht – Tuairisc maidir le hOllscoileanna Teicneolaíochta de chuid an Líonra Taighde um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2019

Tuairiscí Coimisiúnaithe ag ITDD:
- Tuairisc IBTUÉ | AIRO: Próifíl Soch-Dhéimeagrafach – Dúshraith Fáis ITDD | DkIT 2019
- PMCA: Anailís agus Staidéar ar Thionchar Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha 2019
- PMCA: Pleanáil do Shuíomhanna Féideartha agus Staidéar Fadbhreathnaitheachta ar Roghanna Straitéiseacha 2019

Oideachas ag teacht le hInbhuanaitheacht, An Straitéis Náisiúnta Oideachais d’Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn 2014-2020

Rannpháirtíocht Mac Léinn i gCinnteoireacht a Mhéadú, tuairisc an Ghrúpa Oibre um Rannpháirtíocht Mac Léinn san Ardoideachas 2016

Sainghrúpa um Chistiú don Ardoideachas Amach Anseo (Tuairisc Cassells, 2016)

Fiontraíocht 2025

Poist d’Éirinn Amach Anseo 2019, Ullmhúcháin Reatha d’Eacnamaíocht an Todhchaí, Rialtas na hÉireann 2019

Tacú le Dul Chun Cinn ó Bhreisoideachas go hArdoideachas – Á chur i gCrích, 2016

An tÚdarás um Ardoideachas. Staidéar ar Dhul Chun Cinn san Ardoideachas. Baile Átha Cliath: An tÚdarás um Ardoideachas, 2010

An tÚdarás um Ardoideachas. Cothromas Rochtana ar Ardoideachas in Éirinn a bhaint amach 2005-2007

An tÚdarás um Ardoideachas. Páipéar Comhairliúcháin: Forbairt phlean náisiúnta nua um chothromas rochtana ar ardoideachas a chur i gcrích. BÁC, ÚAO, 2014

An tÚdarás um Ardoideachas: Creat Feidhmíochta Chóras an Ardoideachais 2014-2016

An tÚdarás um Ardoideachas: Feidhmíocht Chóras an Ardoideachais – Próifílí Eagraíochtaí agus Earnála 2013/14

An tÚdarás um Ardoideachas. Athbhreithniú Airgeadais ar Institiúidí Teicneolaíochta 2016

An tÚdarás um Ardoideachas. Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2008-2013

An tÚdarás um Ardoideachas. Athbhreithniú Náisiúnta ar Chomhionannas Inscne in Ardoideachas na hÉireann 2016

Creat Feidhmíochta an Chórais Ardoideachais 2014–16

Nuálaíocht 2020

Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025

Oilte in Éirinn – Nasctha leis an Domhan – Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta d’Éirinn 2016- 2020

An Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim san Ardoideachas a Fheabhsú

An Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2015-2019

An Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas 2030

An Clár Comhpháirtíochta sa Rialtas

Tionscadal 2040 An Plean Forbartha Náisiúnta 2018- 2027

Ráiteas um Bheartais Oideachais ETIM 2017-2026

Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018 Cód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta an ÚAO 2018

# Gluais

| | |
|---|---|
| AIRO \| IBTUÉ | An tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann |
| Athena Swan | Dul chun cinn in aitheantas a thabhairt ar inscne: ionadaíocht, dul chun cinn agus rath ar chách. |
| CPD \| FLG | Forbairt Leanúnach Ghairmiúil |
| CSO \| POS | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| DCU \| OCBÁC | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| DkIT \| ITDD | Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan |
| EU \| AE | An tAontas Eorpach |
| FE \| BO | Breisoideachas |
| F/T \| L/A | Lánaimseartha |
| GDP \| OI | Olltáirgeacht Intíre |
| HE \| AO | Ardoideachas |
| HEA \| ÚAO | An tÚdarás um Ardoideachas |
| HEI \| IAO | Institiúid Ardoideachais |
| H2020 | Horizon 2020 \| Fís 2020 |
| IoT | Institiúid Teicneolaíochta |
| KPI \| PTF | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
| MEND \| OLT/BÁCT | Oirthear Lár Tíre / Baile Átha Cliath Thuaidh |
| MOU \| MT | Meabhrán Tuisceana |
| NE \| IN | Iontrálaithe Nua |
| NEFHEA \| CBATT | An Comhaontas Breisoideachais agus Ardoideachais Thoir Thuaidh |
| NFQ \| CNC | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| NLSU \| TLDU | Tuaisceart Laighin / Deisceart Ulaidh |
| RDC \| IFR | Ionad Forbartha Réigiúnach |
| SALI \| TLAS | Tionscnamh na Léachtóirí Acadúla Sinsearacha |
| STEM \| ETIM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| An Réigiún (NLSU \| TLDU) | Na Contaetha: Lú, Muineacháin, an Cabhán, an Mhí, Tuaisceart BÁC, Ard Mhacha agus an Dún |
| TRL \| LUT | Leibhéil Ullmhachta don Teicneolaíocht |
| TTO \| OAT | Oifig Aistrithe Teicneolaíochta |
| TTSI \| TATT | An Tionscnamh um Aistriú Teicneolaíochta a Threisiú |
| TU \| OT | Ollscoil Teicneolaíochta |
| TURN \| LTOT | Líonra Taighde um Ollscoileanna Teicneolaíochta |
| WTE \| CL | Coibhéis Lánaimseartha |



# Aguisín 1: An Próiseas Pleanála Straitéisí

I rith cruthú an Phlean Straitéisigh seo, ghlac an Institiúid le próiseas pleanála cuimsitheach agus sain-chomhairleoireachta trí chéim. Bunaíodh roinnt grúpaí oibre ar leith chun na cúig phríomh-réimse sa Phlean Straitéisigh a fhorbairt, is iad sin:

1. Dreach Athraitheach le Smaoineamh ar Chomhaontais, ar Chumaisc agus ar Roghanna Ainmnithe
2. Teagasc agus Foghlaim agus Eispéireas an Fhoghlaimeora
3. Taighde agus Nuálaíocht
4. Teagmháil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta
5. Forbairt na hEagraíochta agus Barr Feabhais Corparáideach.

Chinntigh seo go mbeadh na spriocanna agus aidhmeanna straitéiseacha sa Phlean ag teacht le tosaíochtaí bheartais náisiúnta don ardoideachas in Éirinn agus go mbeadh an Institiúid á cur féin sa suíomh is éifeachtaí le freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na foirne, na bhfostóirí agus na bpáirtithe leasmhara, sa réigiún domhan-nasctha seo.

*Céim 1: Athbhreithniú ar Phríomh-Dhoiciméid Bheartais agus Anailís ar an Timpeallacht Sheachtrach*

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar na príomh-dhoiciméid bheartais agus ar thuairiscí earnála chun cúlra comhthéacsúil a thabhairt d'fhorbairt Phlean Straitéiseach nua agus chun tacú leis an bpróiseas. Tá roinnt athruithe suntasacha ar bheartais ardoideachais a d'eascair as an Straitéis Náisiúnta um Ardoideachas go 2030 - Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018, an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, Éire 2040 agus an Straitéis Forbartha Réigiúnach 2035 (Féach Aguisín 1), mar shampla. Leagaimid béim ar leith orthu seo a leanas:

1. Straitéis athstruchtúraithe agus athchóirithe don chóras trí phróiseas bunaithe ollscoile teicneolaíochta (Cóngas & Comhoibriú trí Nascacht – Tuarascáil Ollscoileanna Teicneolaíochta de chuid Líonra Taighde na nOllscoileanna Teicneolaíochta (LTOT |TURN) 2019, an Straitéis Náisiúnta um Ardoideachas go 2030, an tAcht um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018, An Clár um Chomhpháirtíocht sa Rialtas;
2. Tá cuntasacht níos mó ag Institiúidí Ardoideachais anois faoina gcuid feidhmíochta ó tugadh isteach comhaontuithe seirbhíse leis an Údarás Ardoideachais mar atá leagtha amach sna Socruithe Feidhmíochta Misean-bhunaithe (Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go 2030, An Clár um Chomhpháirtíocht sa Rialtas, Creat Feidhmíochta an Chóras Ardoideachais 2018-2021);
3. Leagadh béim ar thábhacht sholáthar foghlama ar feadh an tsaoil agus oideachais sholúbtha (An Straitéis Náisiúnta Scileanna go 2025, an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama san Ardoideachas (tuairiscí éagsúla));
4. Cuireann béim shoiléir ar rochtain agus ar rannpháirtíocht de cheangal ar Údaráis Ardoideachais a bheith níos nuálaí agus níos solúbtha i ndul i mbun teagmhála agus tacaíochta le grúpaí sainithe amhail foghlaimeoirí lánfhásta, grúpaí mionlaigh agus foghlaimeoirí atá faoi mhíchumas (an Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas 2015–2020, Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019, Tacú le Dul Chun Cinn ó Bhreisoideachas go hArdoideachas – Á chur i gCrích, 2016);

5. Béim níos mó ar sholáthar ETIM | STEM (ÚAO |HEA: Athbhreithniú Airgeadais ar na hInstitiúidí Teicneolaíochta 2016);
6. Cuireadh de chúram ar an earnáil éirí níos freagrúla do riachtanais fhostóirí agus scileanna cearta oibre a thabhairt d'fhoghlaimeoirí (Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019, Athbhreithniú ar Oiliúint Printíseachtaí in Éirinn 2013);
7. Ionchur Institiúidí Teicneolaíochta i soláthar spriocanna taighde trasdisciplíneacha, nuálaíochta agus forbartha fiontar (Fiontar 2025, Nuálaíocht 2020);
8. Béim níos mó ar an gclár oibre idirnáisiúnta. (An Straitéis Náisiúnta um Ardoideachas go 2030);
9. Béim ar ilchineálacht agus ar chomhionannas le béim straitéiseach ar leith ar chomhionannas inscne in institiúidí ardoideachais (Athbhreithniú Náisiúnta an Údaráis um Ardoideachas ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann 2016).

Cuireann beartais dá leithéid, atá ag brath ar chistiú go minic, dúshláin níos suntasaí roimh chóras ardoideachais a bhí faoi bhrú cheana féin. Ní mór don ardoideachas in Éirinn a bheith níos gasta agus níos freagrúla ná riamh chun aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht náisiúnta agus domhanda atá athraitheach agus casta, le Brexit san áireamh.

Thacaigh an t-atbhreithniú seo linn tosca seachtracha, agus an mhacrai-thimpeallacht ina mbeidh an Institiúid ag pleanáil a treo straitéisigh don todhchaí, a aithint agus a scóipeáil. Chomh maith leis sin, sainscagadh agus athbhreithníodh raon foinsí sonraí chun tacú leis an bpróiseas.

Ina measc, bhí:

a. Sonraí staitistiúla ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear Solas, an tÚdarás um Ardoideachas, Ranna Rialtais, an POS | CSO agus IBTUÉ | AIRO;
b. tuairiscí um riachtanais scileanna agus um phróifílí fiontar don réigiún;
c. tosca seachtracha, go mbíonn tionchar acu ar ardoideachas in Éirinn;
d. treochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta san ardoideachas, agus
e. dea-chleachtas i soláthar ardoideachais ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cuireadh leis an mbonn fianaise seo trí thorthaí Athbhreithniú na hInstitiúide agus tríd an obair ar fhorbairt straitéise deich mbliana na hInstitiúide ar Phunann Clár a chur san áireamh ann, rud a thacaigh ansin le próiseas Athbhreithnithe na gClár sa cheithre Scoil. Thacaigh straitéis na bpunann le soláthar cuspóirí straitéiseacha ITDD oideachas a chur ar fáil atá dírithe ar ghairmeacha agus a léiríonn, agus a fhreastalaíonn ar, riachtanais reatha agus ionchasacha na sochaí, an phobail agus lucht na fiontraíochta. Chuir an Institiúid a nAthbhreithniú Institiúide 2019 i gcrích, go ndearnadh athbhreithniú idirnáisiúnta air, agus Athbhreithnithe Clár dá ceithre Scoileanna: Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí, Scoil na hInnealtóireachta, Scoil na Sláinte agus na hEolaíochta, agus Scoil na Faisnéisíochta agus na nEalaíon Cruthaitheach. Rinneadar seo iniúchóireacht shonrach ar phróiseas feabhsaithe caighdeán na hInstitiúide agus athbhreithniú ar a punann clár acadúil iomlán. Mhol Tuairisc an Athbhreithnithe Institiúidigh 2019 an Institiúid as a tiomantas láidir d'fhanúint suntasach dá réigiún agus as teagasc agus foghlaim a chomhtháthú le foghlaim ar feadh an tsaoil, le tagairt ar leith don aghaidh a thug an Institiúid air trí chomhpháirtíocht a lorg le lucht fiontair. Tá próisis an Athbhreithnithe Institiúidigh agus an Athbhreithnithe Clár tar éis an Institiúid a threorú le sraith gníomhaíochtaí a fhorbairt in ord tosaíochta le cinntiú go mbeadh dearadh agus soláthar a clár tairbheach dá réigiún, agus eispéireas foghlaimeora a éascú atá bunaithe ar dhea-chleachtas agus stiúrtha ag taighde.

Cuireadh trí thuairisc, coimisiúnta go seachtrach, i gcrích a thug tacair shonraí cainníochtúil agus cáilíochtúil, sainiúil don Institiúid, le tacú lenár straitéisí.

1. ***Próifíl Soch-Dhéimeagrafach – Dúshraith Fáis ITDD | DkIT 2019.*** Thug tuairisc na bpríomhtháscairí léargas ceart ar leithdháileadh agus patrún threochtaí staitistiúla don dobharcheantar – ó Thuaidh is ó Theas. Bhí sonraí na tuairisce bunaithe ar Dhaonáireamh 2016 i bPoblacht na hÉireann agus ar shonraí an daonáirimh is déanaí ó Thuaisceart na hÉireann. Bhí an tuairisc dírithe ar phríomhtháscairí éagsúla, lena n-áirítear (a) próifíl an daonra, (b) oideachas gnóthaithe, (c) eacnamaíocht agus fostaíocht agus (d) próifíl an dobharcheantair agus anailís 'taisteal chuig an obair'.

2. ***PMCA: Anailís agus Staidéar ar Thionchar Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha 2019.*** Rinne an tuairisc seo torthaí staidéir neamhspleách ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha atá ag an Institiúid.

3. ***PMCA: Pleanáil do Shuíomhanna Féideartha agus Staidéar Fadbhreathnaitheachta ar Roghanna Straitéiseacha (Ainmnithe, Cumaisc & Comhaontais) 2019.*** Rinne an tuairisc seo measúnú, ar bhonn fianaise, ar roghanna straitéiseacha (ó thaobh ainmnithe, cumasc agus comhaontas de) maidir le todhchaí Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Cuimsithe sa tuairisc seo bhí anailís mhionsonraithe ar thorthaí shuirbhé foirne agus seisiúin le fócasghrúpaí ina raibh foghlaimeoirí agus lucht fiontair. B'fhoinse iontach, léirsteanach sonraí í a thacódh le roghnú tosaíochtaí agus cuspóirí straitéiseacha.

### *Céim 2: Anailís ar thosca inmheánacha agus ar riachtanais atá le teacht*

I ndiaidh an athbhreithnithe ar an timpeallacht sheachtrach, rinneadh na tosca inmheánacha go mbeadh tionchar féideartha acu ar threo straitéiseach na hInstitiúide a mheas. Mar chuid de sin, rinneadh anailís ar shuíomh reatha na hInstitiúide. Léiríodh an-chuid den obair seo i bPleanáil do Shuíomhanna Féideartha agus Staidéar Fadbhreathnaitheachta ar Roghanna Straitéiseacha, ina raibh anailís mhionsonraithe ar bhun-fheidhmíocht na hInstitiúide.

Taispeánadh an obair seo chomh maith i Socrú Feidhmíochta Miseanbhunaithe an ÚAO 2018-2021. Rinneadh machnamh cuí orthu seo a leanas:

a. sonraí agus staitisticí a léiríonn treochtaí méadrachta lena n-áirítear: líon na mac léinn; idirnáisiúnú; cistiú taighde; sonraí agus teagmháil fiontair;
b. athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh reatha;
c. anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna, agus bagairtí na hInstitiúide chun a tosca idirdhealaitheacha ó Earnáil ghinearálta ÚAO in Éirinn a aithint;
d. féachaint an bhfuil gá le fo-straitéisí agus pleananna, agus iad a aithint, don Phlean Straitéiseach nua. Chuirfí san áireamh iontu:
    1. foghlaim agus teagasc
    2. taighde agus nuálaíocht, agus
    3. teagmháil náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Bhí na próisis agus na tuairiscí seo tacaithe ag sraith comhairliúchán le raon leathan páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar riachtanais reatha agus ionchasacha. Rinneadh comhairliúcháin le lucht foirne ag leibhéal Scoile agus Feidhmíochta, le foghlaimeoirí, leis an bhFoireann Cheannaireachta, leis an gCoiste Stiúrtha, leis an mBord Rialaithe agus le grúpaí seachtracha lena n-áirítear OCBÁC | DCU, CBATT | NEFHEA, Fóraim Eacnamaíocha, agus Gníomhaireachtaí Stáit amhail Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Forbartha Tionscail, Comhairlithe Contae, lucht fiontair agus páirtithe leasmhara ón bpobal.

*Céim 3: Tosaíochtaí Straitéiseacha a Mheas agus a Roghnú*

I ndiaidh Céimeanna 1 agus 2 a chur i gcrích, rinneadh machnamh i gCéim 3 ar na bealaí straitéiseacha atá ar fáil don Institiúid. Ón machnamh sin, rinneadh beartú tosaíochta agus roghnaíodh príomh-spriocanna agus aidhmeanna chun uaillmhianta na hInstitiúide a bhaint amach thar na blianta atá romhainn. Aithníodh i ndiaidh sin príomhtháscairí feidhmíochta do gach ceann de na cuspóirí sin le dul chun cinn a thomhas. Rinneadh machnamh cuí le cinntiú go raibh an straitéis ag teacht le Socruithe Feidhmíochta Misean-bhunaithe an ÚAO.

Tá an Plean Straitéiseach curtha le chéile, mar sin, thar cúig phríomhthosaíocht straitéiseach lena n-áirítear:

1. An Dreach Athraitheach ó thaobh Ainmnithe, Cumasc agus Comhaontas de
2. Barr Feabhais i dTeagasc agus Foghlaim agus Caighdeán Eispéireas an Fhoghlaimeora
3. Taighde agus Nuálaíocht Ardchaighdeáin, atá Iomaíoch go hIdirnáisiúnta
4. Teagmháil Feabhsaithe Náisiúnta agus Idirnáisiúnta
5. Forbairt Eagraíochta agus Barr Feabhais Corparáideach

Chomh maith leis sin, aithníodh raon téamaí (cumas, rath mac léinn, aitheantas, comhpháirtíocht, inbhuanaitheacht agus sláinte agus folláine) agus roinnt tosca cumasaithe (forbairt ghairmiúil leanúnach don fhoireann, áiseanna an champais a fheabhsú, infreastruchtúr agus córais TF | IT feabhsaithe, pleanáil mhionsonraithe airgeadais agus acmhainní) a bheidh mar thaca faoi chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh 2020-2023.



# Aguisín 2: Freagracht Fheidhmiúcháin

| Tosaíocht Straitéiseach | Freagracht Feidhmiúcháin | Fo-Straitéis agus Plean Gníomhaíochta |
|---|---|---|
| Dreach Athraitheach | → Uachtarán agus Foireann Cheannaireachta | → Creat Ainmnithe OT agus Plean Gníomhaíochta um Chomhaontais Thrasteorann |
| Teagasc agus Foghlaim agus Eispéireas an Fhoghlaimeora | → Leasuachtarán Gnóthaí Acadúla & Cláraitheoir<br>→ Cinn na Scoileanna<br>→ Ceann Teagaisc agus Foghlama | → Straitéis Teagaisc agus Foghlama 2020-2023<br>→ Plean Ghníomhaíochta um Rannpháirtíocht Foghlaimeoirí 2020-2023 |
| Taighde agus Nuálaíocht | → Ceann Taighde<br>→ An Ceann Nuálaíochta agus Forbartha Gnó | → Straitéis Taighde agus Nuálaíochta 2020-2023 |
| Teagmháil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta | → An Ceann Nuálaíochta agus Forbartha Gnó<br>→ Bainisteoir Idirnáisiúnta | → Straitéis Náisiúnta Rannpháirtíochta 2020-2023<br>→ Straitéis Idirnáisiúnaithe 2020-2023 |
| Forbairt Eagraíochta agus Barr Feabhais Corparáideach | → Airgeadas agus Acmhainní Daonna<br>→ Bainisteoir IT<br>→ Leasuachtarán Pleanála, Cumarsáide agus, Forbartha Straitéisí<br>→ Ceann na Margaíochta agus Cumarsáide | → Plean Acmhainní 2020-2023<br>→ Plean Airgeadais 2020-2023<br>→ Plean TF \| IT 2020-2030<br>→ Plean Forbartha Campais 2020-2030<br>→ Straitéis Mhargaíochta agus Forbartha Branda 2020-2023<br>→ Straitéis Chumarsáide Inmheánaí agus Seachtraí 2020-2023 |

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
Investing in your future
European Social Fund

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

HEA
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS
HIGHER EDUCATION AUTHORITY

DUNDALK
INSTITUTE OF TECHNOLOGY
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA
DHÚN DEALGAN